

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Mar gheall ar a thírdhreach nádúrtha, gan mhilleadh agus a éagsúlacht plandaí agus ainmhithe tá go leor féidearthachtaí i bparóiste Chill Chomáin ó thaobh eicthurasóireachta de. D'freastal baill ó Chomhar Dún Chaocháin Teo ar chruinnithe den ghrúpa nua-bhunaithe Grúpa Eicthurasóireachta Iorrais le scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá sa thurasóireacht inbhuaine do cheantracha tuaithe. Tá tuilleadh faoi seo ar leathanach 3. Rinne Brendan Killion ó hEagras Fuinnimh Mhaigh Eo cuir i láthair in ionad pobail Ghleann na Muaidhe i mí Márta ar bhealaí chun fuinneamh a chaomhnú sa mbaile. Tá deontais le fáil le haghaidh iniúchtaí fuinnimh, insliú áiléir/balla agus uasghradú córais teasa chun an méid breosla a úsáidtear a laghdú agus chun an teach a dhéanamh níos compordaí. Féach ar leathanaigh 4-5 le haghaidh breis eolais.

Due to its largely unspoilt, pristine landscape and variety of flora, fauna and marine life the parish of Cill Chomáin has huge potential in the area of ecotourism. Members of Comhar Dún Chaocháin Teo attended meetings of the newly-formed Erris Eco Group which was set up to examine how to further develop and harness this potential. Turn to page 3 for further details. Brendan Killion from Mayo Energy Agency gave a presentation in Glenamoy community centre in March on ways of conserving energy in the home. Grant assistance is now available for energy audits, attic / wall insulation and upgrading heating systems to reduce fuel consumption and make your home more comfortable to live in. (p.4-5)

* Nuachtlitir Áitiúil

* A Community Newsletter

* Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal

* Provides a voice for the local community and an update on development issues

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála	2
Eicthurasóireacht / Eco Tourism	3
An Timpeallacht / Environment	4
Fuinnimh / Energy Conservtion	4-5
Oiliúint / Training	6
Scéalta Eile / Other News	7
An Scéim Shóisialta Tuaithe / RSS	8

**Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn /
The Management Committee**

Cathaoirleach: Caitlín Uí Sheighin
Rúnaí: Seán Mac Aindriú
Cisteoir: Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile: Micheál Ó Seighin
Micheál de Búrca
Micheál Ó Murchú
Séamus Ó Murchú
Uinsíonn Mac Graith

RÁITEAS MISIN – MISSION STATEMENT

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíoch/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

IONAD EOLAIS / INFORMATION OFFICE

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla feabhsú tithíochta, deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuartheoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideas agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including home improvement grants, training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

BAILL NUA / NEW MEMBERS

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information.

GUTH AN PHOBAIL – HAVE YOUR SAY

Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next edition.

Déan teagmháil le:-

Treasa Ní Ghearraigh,
Comhar Dún Chaocháin Teo,
An tSeanscoil,
Ceathrú Thaidhg,
Béal an Átha,
Co. Mhaigh Eo

Guthán: 097 88082

Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net

EICTHURASÓIREACHT / ECO TOURISM

Grúpa Eicthurasóireachta Iorrais / Erris Eco Group

Mar gheall ar a thórdhreach nádúrtha, gan mhilleadh agus a éagsúlacht plandaí agus ainmhithe tá go leor féidearthachtaí i bparóiste Chill Chomáin ó thaobh eicthurasóireachta de. D'freastal baill ó Chomhar Dún Chaocháin Teo ar chruinnithe den ghrúpa nua-bhunaithe Grúpa Eicthurasóireachta Iorrais le scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá sa thurasóireacht inbhuaine do cheantracha tuaithe. Rinneadh plé ar chonas táirgí glasa, orgánacha agus inbhuaineacha a fhorbairt le freastal ar an margadh speisialta seo. Reachtáiltear cruinnithe go míosúil – coinnigh súil amach le haghaidh dátaí, amanna agus ionaid na gcruinnithe sna meáin áitiúla.

Due to its largely unspoilt, pristine landscape and variety of flora, fauna and marine life the parish of Cill Chomáin has huge potential in the area of ecotourism. Members of Comhar Dún Chaocháin Teo attended meetings of the newly-formed Erris Eco Group which was set up to examine how to further develop and harness this potential. Among the items discussed were how to develop green, organic and sustainable products in the tourism sector in order to tap into this niche market. Meetings are held once a month – details of dates, times and venues are advertised in local media.

Grúpa Scoláirí Meiriceánacha / American Students Visit

Thug grúpa scoláirí Meiriceánacha ó Scoil Thraenála Idirnáisiúna Bhaile Átha Cliath, in éineacht lena stiúrthóir acadúil Aeveen Kerrisk, cuairt ar pharóiste Chill Chomáin i mí Feabhra. Is fochéimí na scoláirí uilig ó ollscoileanna éagsúla atá ar staidéar téarma in Éireann agus iad ag díriú ar stair, polaitíocht agus imeachtaí sóisialta comhaimseartha. Eagraíodh clár imeachtaí dóibh le linn na cuairte cúig lá, áit a raibh deis acu casadh le daoine atá páirteach i bhforbairt pobail agus i gcúrsaí timpeallachta sa pharóiste.

A group of American students from the School for International Training Dublin, accompanied by academic director Aeveen Kerrisk, visited the parish of Kilcommon in February. The students are all undergraduates from a variety of universities in the US, who are on a semester study in Ireland focusing mainly on history, politics and contemporary social issues. A programme of activity was organised for their five day visit which

allowed them the opportunity to meet with various individuals who are involved in community and environmental development in the parish.



Uinsíonn Mac Graith, Christopher Somerville agus Treasa Ní Ghearraigh ag an Seanscoil

Léirmheas Siúlóide / Walking Review

Thug an scríbhneoir agus an t-iriseoir Christopher Sommerville cuairt ar Cheathrú Thaidhg i mí Márta le léirmheas a scríobh ar Shiúlóid Chlann Lir. Tá go leor siúlóidí déanta ag Christopher in Éireann, Sasana agus i dtíortha eile agus scríobhann sé le haghaidh irisí siúlóide go rialta. Is é an leabhar is mó cháil a tháinig óna pheann ná 'The Road to Roaringwater'. Is léir go ndeachaigh áilleacht an cheantair go mór i bhfeidhm air agus beidh Siúlóid Chlann Lir le feiceáil san Irish Independent ar an 23ú Bealtaine seo chugainn.

Writer and journalist Christopher Sommerville visited Ceathrú Thaidhg in March to review the Clann Lir walk. Christopher, who has walked extensively in Ireland, England and further afield and has written numerous features for walking magazines, was very impressed with the natural beauty of the area. The Clann Lir walk will feature in the Irish Independent on 23rd May next.

AN TIMPEALLACHT / THE ENVIRONMENT

Bruscar – Is Orainn an Cúram / Litter – It's Our Responsibility

Tá an feachtas Glantachán Náisiúnta Earraigh, atá eagraithe ag An Taisce, aon bhliain déag ar an bhfód i mbliana – an feachtas is mó i leith chosc ar bhruscar in Éireann. I rith mí Aibreáin bhí coistí pobail ar fud na tíre páirteach san iarracht agus iad ag obair leo go dian dícheallach ag bailiú bruscair. D'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo, le cuidiú rannphairtíthe na scéime shóisialta tuaithe agus Comhairle Chondae Mhaigh Eo, oibreacha glantacháin timpeallachta ag tránna áitiúla agus ag áiteanna eile a raibh bruscar caite iontu. Tá ról ag chuile dhuine sa bhfeachtas 'cosc ar bhruscar' agus má chleachtaítear nósanna mar laghdú, athúsáid agus athchúrsáil is féidir linn ár gceantar a choinneáil saor ó bhruscar dúinn féin agus do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh.

This year An Taisce celebrates eleven years of National Spring Clean, Ireland's biggest anti-litter campaign. During the month of April community groups from all over the country were encouraged to take pride in their local environment and to take action against litter. Comhar Dún Chaocháin Teo, assisted by participants on the Rural Social Scheme and by Mayo County Council, carried out refuse collections at local beaches and other problem areas. By working together and putting into practice the three r's (reduce, reuse and recycle) we can make our area a cleaner place to live in for ourselves and for future generations.



Gradam an Chóta Ghlas / Green Coasts Award

I 2008 d'éirigh le trá Phort a' Chlóidh gradam an Chóta Ghlas a bhaint amach, a thugann aitheantas do thránna, ní hamháin ar a nglaineacht ach ar bhainistíocht a n-acmhainní

neamhmillteacha cósta chomh maith. Ó shin i leith tá oibreacha feabhsúcháin curtha i gcrích ag an gcoiste, le cuidiú rannphairtíthe na scéime shóisialta tuaithe, mar chuid den phlean bainistíochta trá, a bhfuil sé mar aidhm aige a háilleacht a chaomhnú agus cúrsaí sabháilteachta a fheabhsú.

In 2008 Port a' Chlóidh beach received The Green Coasts Award which acknowledges beaches, not only for their cleanliness but also for the management of their pristine coastal assets. Since then the committee, assisted by participants on the Rural Social Scheme, has carried out improvement works as part of a beach management plan, which aims to protect its beauty and enhance safety.

AG CAOMHNÚ FUINNIMH / ENERGY CONSERVATION

D'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le hEagras Fuinnimh Mhaigh Eo, ceardlann eolais ar chaomhnú fuinnimh, in ionad pobail Ghleann na Muaidhe ar an 20ú Márta seo caite. Thug Brendan Killion (MEA) le fios gurb é insliú teirmeach an bealach is tábhachtaí agus is éifeachtaí chun fuinneamh a chaomhnú agus chun costais breosla a laghdú bliain i ndiaidh bliana. Mar gheall go n-éalaíonn 35% den teas amach tríd na ballaí, 25% tríd an díon, 15% i siorraí, 15% isteach sa talamh agus 10% tríd na fuinneoga i dteach nach bhfuil insliú ceart ann, caithfear dul i ngleic leis na rudaí seo chun an méid breosla a úsáidtear a laghdú agus chun an teach a dhéanamh níos compordáil. Tá deontais le fáil anois le haghaidh iniúchtaí fuinnimh, insliú áiléir agus balla agus uasghradú córais teasa (féach ar na sonraí teagmhála thíos).

Tré cúpla chéim simplí a thógáil ba chóir go mbeithfeá inann fuinneamh a chaomhnú sa mbaile nó sa láithreán oibre agus níos fearr fós do bhille leictreachais a laghdú. Bain triail as na moltaí seo a leanas:-

Ísligh do chóras teasa go dtí 20°C - ach an teirmeostat a laghdú faoi 1°C bainfidh sé 10% de do bhille teasa.

Úsáid dlúthlampaí fluaraiseacha (DSF) in ionad gnáthbhulgáin - ní úsáideann siad ach 20% den fhuinneamh agus maireann siad suas le 15 oiread chomh fada.

Múch na soilse nuair a fhágann tú seomra.

Ceannaigh fearais leictreachais a bhfuil ráta "A" acu - tá siad níos saoire le rith agus le himeacht

ama tabharfaidh siad coigiltis mhóra duit ar do bhille leictreachais.

Ná cuir an iomarca uisce sa chiteal leictreach - ná bruith ach an méid uisce atá ag teastáil.

Fan go mbeidh an miasniteoir lán sula gcuireann tú ar siúl é - úsáideann ceann atá leathlán an fuinneamh céanna agus a úsáideann ceann atá lán.

Fan go mbeidh an meaisín níochána éadaí lán sula gcuireann tú ar siúl é – má tá cnaipe speisialta ar an meaisín le haghaidh leath-ualaí bain úsáid as mar is cuí.

Plugáil amach do luchtair ghutháin - úsáideann trealamh atá ar aire suas le 20% den fuinneamh a d'úsáidfeadh sé dá mbeadh sé ar siúl go hiomlán.

Cas de an teilifís nó an córas fuaimne nuair nach bhfuil said dá úsáid – úsáideann said fuinneamh fiú ar aire.

Ní úsáideann gnáth chithfholcadh ach 1/5 den fuinneamh a theastaíonn le haghaidh folcadh iomlán.

Bain úsáid as clog ar do théitheoir sa gcaoi is go dtéitear uisce nuair a theastaíonn sé amháin.

Coinníodh seaicéad thart ar an sorcóir an t-uisce te i bhfad níos fuide agus íocfaidh sé as féin taobh istigh de 2-3 mhí.

Ná cas air an pluid leictreach níos mó ná leathuair a chloig roimh a dtéann tú a chodladh agus cas de é roimh a dtéann tú isteach sa leaba.

Tuilleadh Eolais

Le haghaidh tuilleadh eolais ar fuinneamh in-athnuaite, cineálacha insliú, córais teasa, deontais rialtais &rl. téigh i dteagmháil le:-

Eagras Fuinnimh Mhaigh Eo Guthán (096) 76113 r-phost mayoenergy@eircom.net nó téigh ar an suíomh idirlíne ag www.mayoenergy.ie

Sustainable Energy Ireland Guthán (01) 8369080 r-phost info@sei.ie nó téigh ar an suíomh idirlíne ag www.sei.ie

Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with Mayo Energy Agency, organised an information workshop on energy conservation, in Glenamoy community centre on 20th March last. Brendan Killion (MEA) informed the group that thermal

insulation is the most important and the most cost effective way of saving energy, and will have the single largest impact on reducing fuel costs year after year. Given that the amount of heat that can escape from a badly-insulated house is 35% through the walls, 25% through the roof, 15% in draughts, 15% into the ground and 10% through windows, these are the areas that need to be tackled to reduce fuel consumption and make your home more comfortable to live in. Grant assistance is now available for energy audits, attic and wall insulation and upgrading heating systems (see contact details below).

There are also a number of practical steps you can take to conserve the amount of energy you use in the home or workplace and therefore help reduce your bill. Consider the following:-

Turn your heating down to a comfortable 20°C – lowering your thermostat by 1°C will knock 10% off your heating bill.

Use compact fluorescent lamps (CFLs) instead of traditional bulbs – they use just 20% of the energy and last up to 15 times as long.

Switch off lights when you leave a room.

Buy 'A' rated kitchen appliances – they cost less to run and over time will give you considerable savings on your electricity bill.

Don't overfill your electric kettle – only boil as much water as you need.

Wait for the dishwasher to be full before you switch it on – a half full one uses the same energy as a full one.

A full load of washing is more energy efficient than a half load. If your washing machine has an economy or ½ load setting then use it as appropriate.

Unplug your phone charger – equipment on stand-by uses up to 20% of the energy it would use when fully on.

Switch off the tv or sound system when you are not using them – they use energy even on stand-by.

A typical shower uses only 1/5 of the energy required to produce a full bath.

Use a timer on your immersion heater so that you heat water only when you need it. A lagging jacket on your hot water cylinder will keep water hotter for longer and pay for itself in 2-3 months.

Switch on electric blankets no more than half an hour before you go to bed and switch off just before you get into bed.

Further Information

For further information on renewable and sustainable energy, types of insulation, home heating systems, renovating an older home or building an energy efficient home, government grants etc. please contact:-

Mayo Energy Agency Tel (096) 76113 e-mail mayoenergy@eircom.net or visit the website www.mayoenergy.ie

Sustainable Energy Ireland Tel (01) 8369080 e-mail info@sei.ie or visit the website www.sei.ie

Fuinneamh In-athnuaite / Renewable Energy

Thar ceann Comhar Dún Chaocháin Teo, tá Diana Taylor i mbun taighde faoi láthair ar na féidearthachtaí atá ann fuinneamh in-athnuaite (gaoth, uisce, griain, taoide &rl.) a fhorbairt sa pharóiste. Beidh sí ag cur tuairisc le chéile ar thorthaí an taighe amach anseo.

On behalf of Comhar Dún Chaocháin Teo, Diana Taylor is currently undertaking research into the feasibility of developing renewable energies (biomass, wind, hydro, solar, geothermal and tidal) in the parish and she will be presenting a report of her findings in due course.

OILIÚINT / TRAINING

Ceistneoir Riachtanais Traenála / Training Needs Analysis

Leis na hathraithe atá tagtha ar chúrsaí eacnamaíochta agus ar shaol an phobail tá gá le scileanna nua a fhoghlaim nó barr feabhas a chur ar na scileanna atá ag daoine cheana féin sa gcaoi is go mbeidh deis níos fearr acu fostaíocht a aimsiú nó a ngnóthaí féin a bhunú. Rinne an coiste suirbhé (i bhfoirm ceistneoir) i mí Eanáir le fáil amach céard iad na riachtanais traenála atá ag muintir na háite. Tá sé beartaithe cláranna oiliúna a eagrú bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé sa bhfómhar.

With changing economic circumstances and changes in people's lifestyles there may be a need for individuals to acquire a new skill or brush up on an existing skill and improve their chances of gaining employment or setting up their own businesses. The committee carried out a survey (in the form of a questionnaire) in January to ascertain the training needs of local people. It is proposed to

organise training programmes based on the results of the survey in the autumn.

Teicneolaíocht an Eolais / Information Technology

D'éirigh leis an iarratas a chuir Comhar Dún Chaocháin Teo chuig Comhairle Chondae Mhaigh Eo faoin scéim deontais BenefIT 2009 a bhfuil sé mar aidhm aige teicneolaíocht an eolais a chur chun cinn i gceantracha tuaithe. Faoin togra 'Spread the Word – Train the Trainer' cuirtear maoiniú ar fáil le daoine a thraenáil i scileanna ríomhaireachta sa gcaoi is go mbeidh ar a gcumas cláranna oiliúna ríomhaireachta a eagrú ina bpobail féin. Cuirtear trealaimh ríomhaireachta ar fáil faoin scéim chomh maith chun cuidiú le grúpaí cúrsaí ríomhaireachta a eagrú in ionaid áitiúla. Tá sé beartaithe tús a chur leis na ranganna ríomhaireachta go luath i mí Meán Fómhair.

Comhar Dún Chaocháin Teo was successful in its application to Mayo County Council under the 2009 BenefIT Grants Scheme which aims to promote information technology in rural areas. Under the 'Spread the Word – Train the Trainer Project' funding is provided to train individuals in computer skills so that they can deliver tailored computer training programmes within their own communities. Computer equipment is also provided under the scheme to help groups organise computer training in local venues. It is proposed to organise computer classes in the Seanscoil early in September.

An Teastas Eorpach sa Ghaeilge / The European Certificate in Irish

Rinne na foghlaimeoirí (Grúpa A1) a d'frestal ar chúrsa Theastas Eorpach sa Ghaeilge i gCeathrú Thaidhg na scrúdaithe sa Spidéal ar an 18ú Aibreán seo caite. Beidh grúpa B1 ag tabhairt faoi na scrúdaithe ar an 9ú Bealtaine. Is é Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le hIonad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad a d'eagraigh na cúrsaí le cuidiú páirt-airgeadú ó Údarás na Gaeltachta. Is iad seo na chéad cúrsaí aitheanta Gaeilge a eagraíodh in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile agus guíonn muid gach ráth ar na rannphairtithe uilig.

Participants (Group A1) who attended the European Certificate in Irish course in Ceathrú Thaidhg undertook their exams in Spidéal on the 18th April last. The B1 Group will be sitting their exams on the 9th May next. Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with The Languages Centre, University

College Maynooth, organised the courses with the assistance of part-funding received from Údarás na Gaeltachta. These are the first accredited Irish language courses to be organised in the Seanscoil Language Centre and we wish the participants every success.

SCÉALTA EILE / OTHER NEWS

Lá Lus an Chromchinn / Daffodil Day

Ba mhaith le Bantracht Dún Chaocháin buíochas mór a ghlacadh le chuile dhuine a thacaigh leis an maidin caife a eagraíodh sa Seanscoil ar Lá Lus an Chromchinn, an phríomhimeacht bailithe airgid atá ag Cumann Ailse na hÉireann. Cuireann an cumann seirbhísí cúraim altranais ar fáil saor in aisce ar fud na tíre. Bailíodh €200 i dtreo na cúise fiúntach seo.

Bantracht Dún Chaocháin wishes to thank everyone who supported its coffee morning in the Seanscoil on Daffodil Day. The proceeds of €200 have been forwarded to the Irish Cancer Society of Ireland which provides free care and support to those suffering from cancer.



Teampall Chill Ghallagáin / Graveyard Publication

Críochnaíodh an suirbhé ar Theampall Chill Ghallagáin chun na huaigheanna uilig a mharcáil ar phlean agus stair na reilige a bhreacadh síos. Chuir Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le Coiste Ghlór na nGael, iarratas ar pháirt-airgeadú chuig An Chomhairle Oidhreachta faoi Scéim na bhFoilseachán 2009 chun an leabhar Teampall Chill Ghallagáin a fhoilsiú. Tugadh le fios don choiste gur éirigh leis an iarratas agus tá dréacht deiridh an leabhair beagnach réidh anois. Má tá grianghraif agat de do mhuintir atá curtha sa teampall, ar mhaith leat iad a bheith sa bhfoilseachán, déan teagmháil le Treasa le d' thoil

ag 097 88082 nó 087 1251642. Tá sé beartaithe cuid de na grianghraif atá ar thaispeántas sa Seanscoil a chur isteach sa leabhar chomh maith.

Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, submitted an application for part-funding to The Heritage Council under the Publications Grant Scheme 2009 to publish a book entitled Teampall Chill Ghallagáin. The committee was informed recently that the application was successful and the final draft of the book is now nearing completion. If you have photographs of deceased relatives who are buried in the graveyard, and would like to have them included in the publication please contact Treasa on 097 88082 or 087 1251642. It is also intended to include some of the photographs which are exhibited in the Seanscoil in the final publication.

Campaí Samhraidh Iorrais / Summer Camps

Tá sé beartaithe ag an gcoiste, i gcomhar le Coiste Campaí Samhraidh Iorrais, campaí samhraidh a eagrú sa pharóiste ag Ceathrú Thaidhg, Ros Dumhach, Barr na Trá agus Inbhear faoi Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta atá dá riaradh ag An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Seachtain siamsaíochta, spraoi, spóirt agus scléip trí Ghaeilge atá sna campaí seo atá dírithe ar pháistí bunscoile na háite. Béimid ag tabhairt cuairt ar na scoileanna i mí Meithimh le bróisúir agus foirmeacha iarratais.

The committee, in conjunction with Coiste Campaí Samhraidh Iorrais, intends to organise summer camps in the parish at Ceathrú Thaidhg, Ros Dumhach, Barr na Trá and Inbhear under the scheme Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta which is administered by The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs. The camps consist of a week-long programme of enjoyable, educational and cultural activities through the medium of Irish for local primary school children. We will be visiting the schools in June with brochures and application forms.

AN SCÉIM SHÓISIALTA TUAITHE / THE RURAL SOCIAL SCHEME

Tá plean oibre timpeallachta dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin faoi scáth Údarás na Gaeltachta. Is iad seo a leanas cuid de na h-oibreacha a cuireadh i gcrích go deiridh:-

Bailiú bruscar i mbaile Cheathrú Thaidhg agus ag na trána, reiligi agus céibheanna áitiúla

Oibreacha athnuachana ag Trá Phort a' Chlóidh atá mar chuid de phlean bainistíochta Ghradam an Chósta Ghlas

Cothabháil leanúnach ar shiúlóidí Cheathrú Thaidhg

Balla cloch dá mhaisiú ag ionad pobail an Inbhir

Oibreacha timpeallachta atá mar chuid de phlean Baile Slachtmhar Cheathrú Thaidhg

Chun eolas breise a fháil déan teagmháil le do thoil le Pádraig Ó Dochartaigh (saoiste na scéime) ar 087 9785035

The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin under the auspices of Údarás na Gaeltachta and includes an environmental enhancement workplan. The following are some of the works carried out recently:-

Refuse collection in Ceathrú Thaidhg village, at local beaches, graveyards and piers

Enhancement works at Port a' Chlóidh beach which form part of the Green Coast management plan

Ongoing maintenance of the Ceathrú Thaidhg loop walks


Enhancement of a stone wall at Inbhear community centre

Environmental works which are included in the Ceathrú Thaidhg Tidy Village plan

For further information please contact Pádraig Ó Dochartaigh (local supervisor) on 087 9785035



Balla cloch ag Inbhear



Trá Phort a' Chlóidh